Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0318

Leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltóirí

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2025 maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Comhairle lena leasaítear Treoir 2013/11/AE maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2015/2302, (AE) 2019/2161 agus (AE) 2020/1828 tar éis deireadh a bheith curtha leis an gClár Eorpach um Réiteach Díospóidí ar Líne (11778/1/2025 – C10-0309/2025 – 2023/0376(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (11778/1/2025 – C10-0309/2025),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Feabhra 2024[1],

– ag féachaint don seasamh uaithi ar an gcéad léamh[2] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0649),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach,

– ag féachaint do Riail 68 dá Rialacha Nós Imeachta,

---

1 IO C, C/2024/2482, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2482/oj.
2 IO C, C/2025/1028, 27.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1028/oj.

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A10-0249/2025),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé deimhnithe go bhfuil na nósanna imeachta ar fad curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.